Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Pleanáil Scoile Uile agus Féinmheastóireacht Scoile

Leabhrán Foghlama Gairmiúla

2024-2025

Ullmhúchán d'Athruithe

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

CC BY NC

Contents

Intreoir **5**

Sceideal an Lae: 5

Intinní Foghlama: **6**

Réasúnaíocht d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí **7**

Fís d'Oideachas na Sraithe Sinsearaí 7
Cuspóirí Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí: 7
Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí: 8
Cad iad na príomhrudaí atá foghlamtha agat ón bhfíseán seo? 8
Comhairliúchán na Sraithe Sinsearaí: 9

Prionsabail Threoracha **10**

Ár Scoil – Athmhachnamh ar ár gComhthéacs: 11

Deis Athmhachnamhach: **12**

Príomhghnéithe d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí **13**

Conairí agus Solúbthacht: 13
Clár na hIdirbhliana: 14
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach: 14
Gairmchlár na hArdteistiméireachta: 15
Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 15

Comhpháirteanna den Churaclam: **16**

Tráinsí na nÁbhar 2025-2029: 16
Torthaí Foghlama sa tSraith Shinsearach: 17
Sonraíochtaí Curaclaim d'Ábhair Nua: 17
Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt inbhuanaithe: 18
Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta: 18
Eispéiris Foghlama Gairmiúla: 18

Measúnú, Tuairisciú & Aistrithe : **19**

Compháirteanna Measúnaithe Breise: 19
Dearadh agus Forbairt Measúnaithe 20
Amlínte d'Ábhair Mheasúnaithe 21
Shamplacha le haghaidh Ábhair Thráinse 1: 21
Aistrithe: 21

Deis Athmhachnamhach **22**

Leanúnachas & Dul Chun Cinn **24**

Machnamh ar an tSraith Shóisearach: 24

Gníomhaíocht: Bain úsáid as na cúig phríomhghné athruithe chun plé a dhéanamh ar conas a d'fhorbair tú do chleachtas mar thoradh ar athruithe na sraithe sóisearaí. 25

Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach 26

Forbairt na bPríomhinniúlachtaí trí Chontanam na Foghlama: 26
Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach: 26
Cad is eol dúinn faoi Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí? 27
Gníomhaíocht: Tabhair faoi Deara agus Déan do Mhachnamh: 27
Gluais Téarmaí – Ag Tacú le Tuiscint Chomónta 28
Cur Síos ar Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí: 28
Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach - Gnéithe 30
Ag Cinntiú go mbíonn na Príomhinniúlachtaí á Léiriú: 30
Litearthachtaí agus Uimhearthacht: 30
Nasc idir Litearthachtaí agus Uimhearthacht i leith Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí: 31
Réimse de Litearthachtaí agus d'Uimhearthacht 32
Cad is eol dúinn faoi Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí? 33
Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033: 33
Gníomhaíocht maidir le Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí: 34
Ag Roinnt Smaointe: 35
Ag Féachaint Arís ar an nGníomhaíocht: Tabhair faoi Deara agus Déan do Mhachnamh 35
Deis Athmhachnamhach 36

An Idirbhliain 37

Cuspóir Ráiteas an Chláir Idirbhliana ná... 37
Réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana 37
Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana 38
Ráiteas an Chláir Idirbhliana: 38
Táscairí Forbartha: 38
Eispéiris Scoláire: 38
Deis Athmhachnamhach: Déan plé ar conas mar a d'fhéadfadh na hathruithe i Ráiteas an Chláir Idirbhliana dul i gcion ar do chleachtas. 39

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 & Leibhéal 2 40

Cé dóibh a bhfuil na Cláir Foghlama Leibhéal 1 deartha? 40
Clár Foghlama na Sraithe Sinsearaí Leibhéal 2 40
Cé dóibh a bhfuil na Cláir Foghlama Leibhéal 2 deartha? 41
Sruthanna Roghnacha na Sraithe Sinsearaí 41

Cruinniú na Rannóg Ábhair 42

Am na Rannóg Ábhair 42

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers
Oide.ie

Cad a d'fhoghlaim mé / d'fhoghlaimíomar? **Error! Bookmark not defined.**
Cén tionchar? Mar sin cén tionchar a bheidh aige ar mo chleachtas/ ár gcleachtas? 44
Anois cad is féidir liom/linn a dhéanamh le bogadh ar aghaidh leis an méid atá foghlamtha inniu? 45
Liosta Tagairtí: 46

Oide.ie
Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Intreoir

Gníomhaíocht Aonair

Gníomhaíocht Phéire

Gníomhaíocht Ghrúpa

Cliceáil

Aiseolas

Gearrthóg Físe

Gníomhaíocht Scríofa

Straitéis Dhigiteach

Modheolaíochtaí Oideolaíochta

Sceideal an Lae:



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Intinní Foghlama:



Athmhachnamh:

Réasúnaíocht d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Fís d'Oideachas na Sraithe Sinsearaí:



(An Roinn Oideachais, 2022)

Cuspóirí Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí:

Is iad seo a leanas aidhmeanna oideachas na sraithe sinsearaí:

- leanúint le hoideachas a chur ar an duine ina iomláine
- cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite
- freastal ar chuspóirí coiteanna agus aonair i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne
- cabhrú leis an scoláire deiseanna éagsúla a fháil amach anseo ach bonn láidir a chur faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht; agus rannpháirtíocht sa tsochaí shibhialta agus sa saol fásta.

Leis an Tuarascáil Chomhairleach tógadh ar fhógra an Aire ach rinneadh iarracht freisin tógáil ar:

- eispéireas foghlama dhalta na hArdteistiméireachta thar thréimhse na paindéime.
- comhdhearcadh méadaitheach (agus éileamh ar athrú) – ag léiriú guth níos gníomhaí na scoláirí sa díospóireacht.
- taithí agus dearcthaí idirnáisiúnta.

(CNCM, 2022, lch 20)

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí:

Stop

Breac Nóta

Roinn

Cad iad na príomhrudaí atá foghlamtha agat ón bhfíseán seo?

Comhairliúchán na Sraithe Sinsearaí:



(CNCM, 2022, lch 19)

(CNCM, 2022, lch 19)

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Prionsabail Threoracha



Foinse: https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-

Ar Scoil – Athmhachnamh ar ár gComhthéacs:

Prionsabal Treorach	Cá bhfeicfeá na prionsabail threoracha d'athforbairt na sraithe sinsearaí in bhur scoil? Noda: Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Conas atá a fhios againn? Cad iad ár láidreachtaí? Conas is féidir linn tógáil ar ár láidreachtaí? Cad iad ár réimsí don fheabhsúchán? Conas is féidir linn feabhsú?
Folláine agus Caidreamh	
Oideachas iomchuimsitheach agus Éagsúlacht	
Dúshláin, Rannpháirtíocht agus Cruthaitheacht	
Foghlaim conas Foghlaim, Foghlaim don Saol	
Timpeallachtaí Foghlama agus Comhpháirtíochta	
Rannpháirtíocht agus Saoránacht	
Leanúnachas agus Aistrithe	
Rogha agus Solúbthacht	

Deis Athmhachnamhach:

Tóg roinnt ama chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas nua a cuireadh os do chomhair go dtí seo inniu.

Príomhghnéithe d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí



Gov.ie

Conairí agus Solúbthacht:



'…tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh an t-oideachas agus na deiseanna a fhaigheann siad ina saol scoile dara leibhéal iad go hacadúil, go gcothaítear iad mar dhaoine agus go gcuirtear tacaíocht ar fáil dóibh chun a mbuanna a réimsí spéise agus a scileanna a mhéadú...' (An Roinn Oideachais, 2022)

An tSraith Shóisearach

An Idirbhliain

An Ardteistiméireacht Bhunaithe

An tSraith Shinsearach Leibhéal 1 & Leibhéal 2

Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí

Gairmchlár na hArdteistiméireachta

ıg the Professional
of School Leaders
ıers

Athruithe don tSraith Shinsearach de réir Nótaí Faisnéise na Sraithe Sinsearaí:

Clár na hIdirbhliana:

- Cuirfear an Ráiteas Cláir uasdátaithe in ionad an doiciméid dar teideal Treoirlínte na hIdirbhliana do Scoileanna a tugadh isteach i scoileanna i 1994.
- Le linn na scoilbhliana 2024/25, beidh deis ag gach scoil iniúchadh a dhéanamh ar an soláthar reatha atá acu don Idirbhliain agus é a athbhreithniú más gá de réir Ráiteas Chlár na hIdirbhliana.
- Tabharfaidh Cigireacht na Roinne tacaíocht agus comhairle ina leith seo le linn na scoilbhliana 2024/25 agus beidh sé seo á léiriú i rannpháirtíochtaí na Cigireachta.

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach:

I. Ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith, cuireadh le roghanna an scoláire trí rochtain ar ATB sa Mhatamaitic agus ar ATB i Nuatheanga Iasachta, faoi réir shocrú amchláir do scoile.

II. Féadann scoláirí staidéar ar Mhatamaitic ATB chomh maith le Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF a roghnú nó in ionad Feidheanna Matamaiticiúla ATF a roghnú.

III. D'fhéadfaí staidéar ar Nuatheanga Iasachta ATF

Gairmchlár na hArdteistiméireachta:

- Ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith féadann scoláirí rochtain a fáil ar Nascmhodúil GCAT (Ullmhúchán do Shaol na hOibre agus Oideachas Fiontraíochta) gan na critéir a bhaineann le grúpálacha gairmábhar a chomhlíonadh ná na riachtanais a bhaineann le Nuatheanga Eorpach a chomhlíonadh a áirítear i gCiorclán 0040/2013.
- Leanfar de gach riachtanas eile maidir le rannpháirtíocht GCAT a chur i bhfeidhm, riachtanas na Gaeilge san áireamh.

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

- Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Is é aidhm na gclár seo ná an scoláire a ullmhú don saol i ndiaidh na scolaíochta, rud a chumasóidh é le bheith ina fhoghlaimeoir fadsaoil agus le bheith níos neamhspleáiche.
- Is cláir shainoiriúnaithe iad CFL1SS agus CFL2SS a fhreastalaínn ar riachtanais faoi leith foghlama an scoláire.

Comhpháirteanna den Churaclam:

Beidh cúig thráinse bhliantúla ann san iomlán. Faoin mbliain 2029, beidh athbhreithniú déanta ar na hábhair go léir.



Cuireadh na nithe seo san áireamh agus tús áite á thabhairt d'ábhair sna tráinsí éagsúla:

- próifíl aoise na sonraíochtaí
- an líon scoláirí a thugann faoi gach ábhar,
- má tá comhpháirteanna measúnaithe san áireamh mar chuid d'ábhar cheana féin lasmuigh den scrúdú scríofa deiridh.

(An Roinn Oideachais, 2023)

Tráinsí na nÁbhar 2025-2029:



* Ag glacadh leis go bhfuil na daltaí seo ag tabhairt faoin Idirbhliain

Torthaí Foghlama sa tSraith Shinsearach:

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
• an tábhacht le húsáid a bhaint as réimse eolais agus sonraí; machnamh a dhéanamh ar réimse dearcthaí, inchreidteacht na foinse eolais/sonraí, comhthéacs agus cruinneas an eolais/na sonraí, measúnú a dhéanamh ar eolas/ar shonraí le haghaidh claonadh féideartha, iontaofachta agus luacha. • an gá le heolas agus sonraí a anailísiú ó réimse dearcthaí agus a chinntiú go bhfuil na sonraí agus an t-eolas a bailíodh ionadaíoch agus cuimsitheach.	1. sonraí, fianaise agus/nó eolas cuí a shainaithint, ar shaincheisteanna a bhaineann le gnó ó réimse foinsí. 2. measúnú a dhéanamh ar chruinneas, inchreidteacht agus iontaofacht na bhfoinsí. 3. na foinsí sonraí, fianaise agus/nó an t-eolas atá á úsáid a thaifeadadh go cruinn agus aitheantas a thabhairt. 4. príomhphointí nó smaointe i ngach foinse a shainaithint. 5. anailísiú a dhéanamh ar a fhoinsí eolais lena fháil amach a thábhachtaí atá saincheist do dhaoine aonair agus/nó grúpaí éagsúla. 6. bearnaí in eolas i sonraí a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an toradh ar an méid sin trí theacht ar chonclúid(í) feasach(a) a úsáid.

Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. Tabharfar níos mó sonraí sa cholún seo ná mar a thugtar i sonraíochtaí curaclaim na sraithe sinsearaí a foilsíodh le déanaí. Tacófar le tuiscint na dtorthaí foghlama, gan an iomarca mionsonraí a lua.

Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama.

(Sliocht bainte ó Shonraíocht Churaclaim le haghaidh Gnó na hArdteistiméireachta, CNCM, 2024)

Sonraíochtaí Curaclaim d'Ábhair Nua:



Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt inbhuanaithe:

Cuireann Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ar chumas an scoláire cur chuige idirdhisciplíneach atá dírithe ar réitigh a chur i bhfeidhm le maireachtáil ar dhomhan inbhuanaithe agus é ag dul i ngleic le dúshláin inbhuanaithe chasta agus ábhartha lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide. Is é an aidhm uileghabhálach atá ag Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ná cumas an scoláire a fhorbairt le cinntí eolacha agus fiúntacha a ghlacadh do dhomhan atá cóir agus inbhuanaithe agus é ag dul i ngleic le dúshlán inbhuanaitheachta, lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide.



Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta:



Cuirtear le forbairt iomlánaíoch an duine nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Cuireann Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta le réimse na n-ábhar praiticiúil, bunaithe ar na healaíona, i gcuraclam na sraithe sinsearaí, ag spreagadh agus ag cur chun cinn oideachais leathain. Fiosróidh an scoláire domhan na drámaíochta, na scannán agus hamharclannaíochta agus gheobhaidh sé taithí air; ar an gcaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar a shaothar agus ar a roghanna cruthaitheacha criticiúla agus mar sin, músclófar feasacht ann ar an ról atá aige sa tsochaí trí chéile.

Eispéiris Foghlama Gairmiúla:

Cnuaslá na n-ábhar EFG

Cnuaslá EFG i d'ábhar féin Ar líne nó aghaidh ar aghaidh

Lá iomlán EFG Uile Scoile

EFG uile scoile ag díriú ar Athfhorbairt na Sraithe Sinséaraí

Lá iomlán EFG sa bhreis d'ábhair shainiúla

EFG sainiúil don ábhar do Shonráíochtaí nua na Sraithe Sinsearaí

Imeachtaí Breise

Eagrófar imeachtaí roghnacha le linn na bliana bainteach le d'ábhar.

Oide
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Measúnú, Tuairisciú & Aistrithe :

‘Chun an cuspóir agus an fhís don tsraith shinsearach athfhorbartha a bhaint amach, ní mór go mbeadh socruithe maidir le measúnú agus tuairisciú ailínithe go dlúth le forbairtí i réimsí eile. Éileofar forbairt ar shocruithe cuí maidir le measúnú, tuairisciú agus aistriú chun forbairt a dhéanamh ar chonairí foghlama solúbtha do gach scoláire, chomh maith leis na comhpháirteanna den churaclam chun iad seo a éascú.’

(CNCM, 2022, lch 46)

Compháirteanna Measúnaithe Breise:

- Beidh comhpháirteanna measúnaithe breise (CMBanna) mar chuid de na sonraíochtaí ábhair nua.
- Ní scrúdú scríofa traidisiúnta a bheidh sna comhpháirteanna seo.
- Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) measúnú ar na comhpháirteanna seo.

(An Roinn Oideachais, Samhain 2023)



(An Roinn Oideachais, Bealtaine 2024)

Dearadh agus Forbairt Measúnaithe



(An Roinn Oideachais, Bealtaine 2024)

Amlínte d'Ábhair Mheasúnaithe
Shamplacha le haghaidh Ábhair Thráinse 1:

Samhain 2024	Treoirlínte maidir le Comhpháirt Measúnaithe Bhreise (CMB) i scoileanna
Aibreán 2025	Eiseofar ceithre pháipéar scrúdaithe shamplacha - dhá cheann don Ardleibhéal agus dhá cheann don Ghnáthleibhéal - i leith gach ábhar Thráinse 1
Meán Fómhair 2025	Sonraíochtaí in ábhair (nua agus athbhreithnithe) chuig scoileanna. Beidh achoimre shamplach don CMB i ngach ábhar.
Eanáir 2026	Eiseofar an achoimre bheo le haghaidh CMBanna i ngach ábhar

(An Roinn Oideachais, Bealtaine 2024)

Aistrithe:

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Deis Athmhachnamhach:

Tóg roinnt ama chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá cloiste agat inniu faoi mheasúnú, tuairisciú agus aistrithe.

Gníomhaíocht: Cad iad na príomhghnéithe d'athruithe athfhorbairt na sraithe sinsearaí a rachaidh i bhfeidhm ar do chleachtas mar mhúinteoir agus ar d'ábhar?

Cad iad na gnéithe de na hathruithe a rachaidh i gcion ort agus ar d'ábhar?	
- Athruithe i measúnú. Íosmhéid 40 % do CMB. - Sonraíochtaí nua	
Na gnéithe nach bhfuil smacht againn orthu	**Gnéithe go bhfuil cumhacht againn orthu**
- Treoirlínte chun tacú le CMBanna	- Glacfaidh mé páirt san oiliúint (EFG/IFG?) a chuirfear ar fáil.
Déan liosta den phríomhthosaíocht/ de na príomhthosaíochtaí atá agat anois ag eascairt as ábhar an lae?	

Leanúnachas & Dul Chun Cinn

Machnamh ar an tSraith Shóisearach:





- Cur Chuige Déthreoch i leith an Mheasúnaithe
- An Chothromaíocht idir Eolas agus Scileanna
- Tuairisciú ar Phictiúr Níos Leithne den Fhoghlaim
- Clár Solúbtha don Fhoghlaim ag Scoláirí
- Comhoibriú Gairmiúil Breise idir Múinteoirí

Féach ar lgh 6-10 i gcomhair a thuilleadh eolais.

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gníomhaíocht: Bain úsáid as na cúig phríomhghné athruithe chun plé a dhéanamh ar conas a d'fhorbair tú do chleachtas mar thoradh ar athruithe na sraithe sóisearaí.

Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach

Forbairt na bPríomhinniúlachtaí trí Chontanam na Foghlama:

'Cuireann na príomhinniúlachtaí seo le foghlaim thábhachtach ón luath-óige, ón mbunoideachas agus ón tsraith shóisearach. Cuirtear beocht iontu trí **na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir** agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo..'

(CNCM, 2024, lch 3)

Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach:



'De réir mar a thagann an scoláire in aibíocht, is féidir na príomhinniúlachtaí seo a thabhairt le chéile chun cabhrú leis an scoláire tascanna níos casta agus níos éagsúla a láimhseáil agus chun freagairt do na tascanna sin, mar atá oiriúnach dá riachtanas agus dá chumas.'

(CNCM, 2024, lch 1)

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cad is eol dúinn faoi Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí?

‘Is scáth-théarma é na príomhinniúlachtaí lena ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí.’

(CNCM 2024, lch 1)

Gníomhaíocht: Tabhair faoi Deara agus Déan do Mhachnamh:



Tabhair faoi deara	Déan do mhachnamh

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gluais Téarmaí – Ag Tacú le Tuiscint Chomónta

https://tinyurl.com/mr2exzmm

Gluais Téarmaí

Tá breac-chuntas ar an gciall atá le téarmaí tábhachtacha, de réir mar a úsáideadh sa cháipéis seo iad, le sonrú thíos.

Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí. Baineann inniúlachtaí leis an gcumas a bheadh ag duine a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a úsáid ar bhealach comhordaithe chun gníomhú mar fhreagairt ar thascanna, comhthéacsanna, suíomhanna agus teagmhais éagsúla.

Eolas

Is féidir cur síos ar eolas mar rud a chuimsíonn '*fíricí, coincheapa, smaointe agus teoiricí aitheanta*', lena n-áirítear '*coincheapa agus smaointe teoiriciúla chomh maith le tuiscint phraiticiúil bunaithe ar thaithí i ndiaidh tascanna áirithe a dhéanamh*'[2]. Déanann catagóiriú úsáideach eolais é a chur in eagar i gceithre chineál: disciplíneach, idirdhisciplíneach, eipistéimeach agus gnásúil. Is féidir le heolas disciplíneach, a eagraítear de réir dhisciplín an ábhair nó fearainn eolais, a bheith ina bhonn tábhachtach agus féadfaidh sé cabhrú leis an scoláire cineálacha eile eolais agus scileanna a fhorbairt agus a fhoghlaim. Cuireann eolas idirdhisciplíneach ar chumas an scoláire naisc a shainaithint agus coincheapa, scileanna agus smaointe a aistriú trasna disciplíní, rud a d'fhéadfadh léargais, smaointe nó tuiscint nua a spreagadh. Tagraíonn eolas eipistéimeach d'fhios a bheith ag duine faoina bhfuil i gceist le heolas; fios a bheith agat céard atá ar eolas aige agus céard atá sé in ann a dhéanamh; agus conas a tharla an fhoghlaim sin. Faoi dheireadh, tagraíonn eolas gnásúil do thuiscint a bheith agat ar an gcaoi a ndéantar tasc, ach próisis struchtúrtha a chíoradh go minic, agus féadfaidh sé seo tacú leis an scoláire agus é ag réiteach fadhbanna casta. Foghlaimíonn, úsáideann agus treisíonn an scoláire réimse scileanna, luachanna agus meonta agus é ag leathnú, ag neartú agus ag léiriú a chuid eolais agus tuisceana a thuilleadh.

Scileanna

Is féidir cur síos ar scileanna mar '*a bheith in ann próisis a chomhlíonadh agus a bheith in ann do chuid eolais féin a úsáid ar bhealach freagrach chun do spriocanna féin a bhaint amach*'[3]. Déanann catagóiriú úsáideach scileanna iad a chur in eagar i dtrí chineál: scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha (mar shampla, smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach agus féinrialúchán); scileanna praiticiúla agus fisiciúla (mar shampla, ábhair agus uirlisí, eolas nua agus gléasanna teicneolaíochta a úsáid); agus scileanna sóisialta agus mothúchán (mar shampla, comhbhá, freagracht agus comhoibriú). Forbraítear agus úsáidtear scileanna, in éineacht le heolas, luachanna agus meonta, ar bhealach comhtháite agus comhordaithe, go minic mar fhreagra ar thasc nó ar éileamh áirithe nó chun obair a dhéanamh i dtreo sprioc áirithe.

[2] ECFE (2019), *Future of Education and Skills 2030*, Concept note: knowledge for 2030, lch 3.
[3] ECFE (2019), *Future of Education and Skills 2030*, Concept note: skills for 2030, lch 4.

Cur Síos ar Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí:

Cur Síos

Torthaí Foghlama

Tréithe

Obair le daoine eile

Baineann an inniúlacht seo le bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i réimse de chomhthéacsanna ar chuid mhór cúiseanna éagsúla. Ach é a bheith dea-struchtúrtha, is féidir comhoibriú le daoine eile foghlaim an scoláire a shaibhriú agus a thuiscint ar dhinimicí péirí, grúpaí agus foirne a dhoimhniú. Féadann an scoláire tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chuid scileanna sóisialta agus mothúchánacha mar aon lena thuiscint agus meas ar bhuanna, barúlacha, taithí agus pearsantacht a gcomhscoláirí, a múinteoirí agus daoine eile. Trí bheith ag comhoibriú le daoine eile, is féidir go ndoimhneofaí léirthuiscint an scoláire ar thábhacht na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta. Tugann sé deiseanna don scoláire éirí níos fearr ag an ionramháil ar mhothúcháin, dúshláin agus coimhlintí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus a oibriú amach conas bealach chun tosaigh a aimsiú. Is uirlis í an teicneolaíocht atá ag éirí i bhfad níos tábhachtaí agus ar féidir go dtacódh sí leis an gcomhoibriú le daoine eile agus go gcruthódh sí dúshláin ina thaobh seo chomh maith.

Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	Tréithe Obair le daoine eile trí
A bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i mbeirteanna, i ngrúpaí agus i bhfoirne.	• Socrú ar rudaí mar ghrúpa agus a bheith ag comhoibriú chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach. • Glacadh le róil éagsúla, lena n-áirítear ról ceannais a ghlacadh ó am go chéile. • A bheith ag cur ar bhonn bríoch le hobair an ghrúpa. • Meastóireacht a dhéanamh ar an obair de réir mar a bhíonn sí á déanamh agus an cur chuige a athrú más gá. • Aiseolas a thabhairt agus freagairt don aiseolas agus tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé. • Tuiscint a fháil ar ghrúpdhinimic, a bheith in ann ligean chugat agus uait agus ionramháil a dhéanamh ar dhifríochtaí ó thaobh tuairimí agus cuir chuige de.
Straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt a fhágfaidh gur eispéireas níos fiúntaí é an comhoibriú le daoine eile.	• A bheith ag idirghníomhú go heiticiúil, ar bhonn pearsanta agus ar bhonn fiorúil. • Tuiscint agus meas a léiriú ar luach na héagsúlachta laistigh de ghrúpa agus an ionchuimsitheacht a chur chun cinn. • Rathúlacht comhscoláirí a spreagadh agus a cheiliúradh.

CNCM 2024, lgh 7-8

Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach - Gnéithe

‘Cuireann na tréithe leis na torthaí foghlama, agus is iad a dhéanann na príomhinniúlachtaí níos soiléire. **Ba cheart go gcabhródh gach aon ábhar agus modúl leis an scoláire na príomhinniúlachtaí go léir a fhorbairt**, d’fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh roinnt tréithe níos ábhartha in ábhair agus modúil áirithe ná mar a bheidís i gcinn eile.’

(NCCA 2024, lch 3)

Ag Cinntiú go mbíonn na Príomhinniúlachtaí á Léiriú:



Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú, ba cheart go bhfaigheadh an scoláire a lán deiseanna lena chuid príomhinniúlachtaí a léiriú. Is dóchúla **go réadófar acmhainneacht bhunathraitheach na bpríomhinniúlachtaí nuair a dhéanann an múinteoir agus an scoláire anailísiú agus plé ar na hinniúlachtaí atá siad a fhorbairt** agus nuair a thugann an múinteoir deiseanna don scoláire chun naisc bhríocha a dhéanamh thar na hábhair agus modúil éagsúla’.

Litearthachtaí agus Uimhearthacht:

‘Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart.’

(CNCM, 2024, lch 1)



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Nasc idir Litearthachtaí agus Uimhearthacht i leith Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí:

Léigh trí na Príomhinniúlachtaí, a dtorthaí foghlama agus a dtréithe. Léigh trí na Príomhinniúlachtaí, a dtorthaí foghlama agus a dtréithe.

Agus tú ag léamh, smaoinigh ar aon naisc a fheiceann tú idir litearthachtaí is uimhearthacht agus na príomhinniúlachtaí. Déan

Réimse de Litearthachtaí agus d'Uimhearthacht

Cad é an réimse de litearthachtaí agus d'uimhearthacht i d'ábhar teagaisc?

Cén fáth go bhfuil siad seo tábhachtach i d'ábhar?

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cad is eol dúinn faoi Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí?

Is amhlaidh go bhfuil na príomhinniúlachtaí:

- idirnasctha agus go gcumascann siad lena chéile.
- go bhfuil siad infheicthe agus tábhachtach ar feadh an churaclaim.
- go gcuireann siad leis an bhfoghlaim roimhe seo.
- in ann cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama.
- gur féidir go bhfeabhsóidís foghlaim fhoriomlán an scoláire.





Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033:

Is é is **litearthacht** ann, an acmhainn le cineálacha éagsúla cumarsáide a úsáid, a léamh, a thuiscint, machnamh a dhéanamh orthu, meastóireacht a dhéanamh orthu, dul ina mbun, iad a chruthú agus tuiscint chriticiúil a fháil orthu lena n-áirítear breathnú sna súile, gothaí, clabaireacht, teanga ó bhéal, téacs clóite, amharcthéacsanna, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha chun spriocanna duine a bhaint amach, eolas agus acmhainneacht duine a fhorbairt, agus le bheith rannpháirteach sa tsochaí.

Is é is uimhearthacht ann, a bheith in ann breathnóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar réada agus iad a láimhseáil agus teanga mhatamaiticiúil a chloisteail. Is é atá I gceist léi ná úsáid a bhaint as tuiscint mhatamaiticiúil agus scileanna matamaitice I gcomhthéacsanna éagsúla chun cur síos a dhéanamh ar fheiniméin, iad a thuar agus iad a mhíniú, ag tabhairt aitheantais don ról atá ag an matamaitic sa saol. Úsáideann foghlaimeoir uimheartha scileanna matamaitice agus déanann sé/sí breithiúnais agus cinntí maithe atá ag teastáil ó bhaill chuiditheacha, ghníomhacha agus mhachnamhacha den tsochaí.

Is é atá i gceist leis an **litearthacht dhigiteach** a bheith in ann rochtain agus iniúchadh a dhéanamh ar fhaiséis go sábháilte agus go huiomchuí, í a bhainistiú, tuiscint a fháil uirthi, í a chomhtháthú, cumarsáid agus meastóireacht a dhéanamh uirthi, í a chruthú agus scaipeadh trí theicneolaíochtaí digiteacha. San áireamh inti tá an smaointeoireacht chriticiúil, úsáid a bhaint as TFC go sábháilte, go freagrach, agus go heiticiúil, an comhoibriú agus an chruthaitheacht, fíorfhaisnéis a aimsiú, agus cumarsáid mheasúil ar line.

An Roinn Oideachais, 2024, lth 25 - 33

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gníomhaíocht maidir le Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí:

1. Roghnaigh Toradh Foghlama ó Phríomhinniúlacht amháin.
2. Féach ar na tréithe a bhaineann leis.
3. Cad iad na heispéiris foghlama a d'fhéadfá a úsáid i do sheomra ranga chun brí agus anam a chur sna príomhinniúlachtaí?
4. Conas a bheadh a fhios agat go bhfuil na príomhinniúlachtaí á fhorbairt ag na scoláirí?

Tabhair faoi deara an phríomhinniúlacht, an toradh/na torthaí foghlama agus aon tréithe ábhartha	**Samplaí d'eispéiris foghlama a bhreacadh síos a d'fhéadfadh beocht a chur sa phríomhinniúlacht seo .**	**Conas a bheadh a fhios againn go mbíonn na scoláirí ag forbairt na ngnéithe den inniúlacht a bhí beartaithe.**
Ag obair le daoine eile Obair chomhoibríoch i mbeirteanna, i ngrúpaí agus i bhfoirne • Rudaí a chinneadh mar ghrúpa agus oibriú le chéile chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach. • Róil éagsúla a ghlacadh, lena n-áitítear ceannas a ghlacadh ó am go chéile • Cur go fiúntach le hobair an ghrúpa	Ag réiteach díospóireachta mar ghrúpa	Tuigeann gach scoláire an ról a sannadh chuige, mar shampla coimeádaí ama, breacaire nótaí, urlabhraí, ceannaire. Bíonn gach scoláire páirteach agus bíonn ionchur acu trí thuairimí agus pointí ábhartha a chur chun tosaigh ar son nó i gcoinne na hargóna.

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Ag Roinnt Smaointe:

Google Drive

Teams

Ag Féachaint Arís ar an nGníomhaíocht: Tabhair faoi Deara agus Déan do Mhachnamh

Nótaí: An bhfuil tú fós ag déanamh machnaimh faoi aon rud?



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Deis Athmhachnamhach:

Tóg roinnt ama chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas nua seo ar fad faoi na príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach

An Idirbhliain

- Tiocfaidh Ráiteas an Chláir Idirbhliana úsdátaithe in ionad an doiciméad reatha, Clár Idirbhliana – Treoirlínte do Scoileanna a tugadh isteach i 1994.

- Le linn na bliana 2024/25 beidh deis ag gach scoil iniúchadh a dhéanamh ar Chlár na hIdirbhliana ratha ina scoil agus beidh deis athbhreithniú a dhéanamh air de réir Ráiteas an Chláir Idirbhliana a fhoilseofar go luath.

- Tabharfaidh Cigireacht na Roinne tacaíocht do scoileanna agus cuirfidh siad comhairle ar fáil le linn na scoilbhliana 2024/25 le rannpháirtíocht an chigireacht á léiriú seo.
  (An Roinn Oideachais, Meán Fómhair 2024)

Cuspóir Ráiteas an Chláir Idirbhliana ná...

- freastal ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an scoláire
- tacú leis an aistriú ón tSraith Shóisearach isteach sa tSraith Shinsearach
- neamhspleáchas agus solúbthacht a thairiscint
- a bheith mar threoir do scoileanna maidir leis an gcaoi go bhféadfaidís clár IB a fhorbairt do gach scoláire.

Réasúnaíocht Ráiteas an Chláir Idirbhliana

'Mar chlár aonair laistigh de thaithí na sraithe sinsearaí, soláthraíonn an clár IB deis uathúil, áit a bhféadann scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo.'

(CNCM, Cláir Ráiteas na hIdirbhliana,2024, lch 7)

Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana

1. **Forbairt an scoláire mar dhuine iomlán a chothú** trí bheith ag forbairt ar réamhthaithí, trí churaclam a bheadh deartha ag an scoil agus é ailínithe le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

2. **Spás agus deiseanna a chruthú** le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha trínar féidir príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil, sa bhaile agus ina ról mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

3. **Taithí agus feasacht** an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a leathnú agus acmhainneacht an scoláire a fhás féin agus a fhorbairt féin a chothabháil, trí phróiseas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a chothú.

4. **é a bheith ag éabhlóidiú** ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire trí phróiseas machnaimh agus athnuachana a chuimseodh an scoláire, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus comhpháirtithe pobail.

CNCM, Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch 8

Ráiteas an Chláir Idirbhliana:

Gnéithe Scoláire
- Fás Pearsanta
- A bheith i do fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme



Gnéithe Curaclaim:
- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan

Táscairí Forbartha:

Is ráitis iad seo laistigh de na Gnéithe Scoláire atá ceaptha le léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann an scoláire dul chun cinn agus forbairt trína rannpháirtíocht san IB.

Eispéiris Scoláire:

Eascraíonn siad seo as na Táscairí Forbartha agus soláthraíonn siad na deiseanna agus na comhthéacsanna ina bhféadann an scoláire foghlaim agus forbairt a dhéanamh

CNCM, Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch 30

Deis Athmhachnamhach: Déan plé ar conas mar a d'fhéadfadh na hathruithe i Ráiteas an Chláir Idirbhliana dul i gcion ar do chleachtas.

Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 & Leibhéal 2

- Tá Clár Foghlama Leibhéal 1 na Sraithe Sinsearaí agus Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí le teacht i ndiaidh Chláir Foghlama úra Leibhéal 1 (CFL1anna) agus Leibhéal 2 (CFL2anna) sa tsraith shóisearach
- Is é aidhm na gclár ná an scoláire a ullmhú don saol i ndiaidh na scolaíochta, rud a chumasóidh é le bheith ina fhoghlaimeoir fadsaoil agus le bheith níos neamhspleáiche.
- Is cláir shainoiriúnaithe iad cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na sraithe sinsearaí a fhreastalaíonn ar riachtanais faoi leith foghlama an scoláire.

(An Roinn Oideachais, Meán Fómhair 2024)

Clár Foghlama na Sraithe Sinsearaí Leibhéal 2

Sainaithníonn agus forbraíonn na réimsí curaclaim go soiléir na príomhréimsí foghlama a theastaíonn le tacaíocht a chur ar fáil don scoláire le linn a ama ar scoil agus sa bhaile, le linn dó a bheith rannpháirteach ina phobal agus chun é a ullmhú dá shaol amach anseo.

Tógann na torthaí foghlama a dtugann an scoláire aghaidh orthu ar a láidreachtaí agus spéiseanna, agus tacaíonn siad lena réimsí sainaitheanta riachtanais.

(CNCM, Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 Ráiteas Cláir, lch 11)

Cé dóibh a bhfuil na Cláir Foghlama Leibhéal 1 deartha?

'...don scoláire, ar mó seans go mbeidh moill forbartha shuntasach ag baint leis ar fud roinnt réimsí, ina measc: scileanna foghlama, cumarsáide, teanga agus oiriúnaitheacha.'

(Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, Ráiteas Cláir, CNCM, 2024)

CNCM, Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 Ráiteas Cláir, lch 11

Cé dóibh a bhfuil na Cláir Foghlama Leibhéal 2 deartha?

- '...don scoláire a gcuireann a phróifíl chognaíoch bac air tabhairt faoi Chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB), faoi Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) nó faoi Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF).'

- Is mó seans go mbeidh moill forbartha ag baint leis ar fud roinnt réimsí, ina measc: scileanna foghlama, cumarsáide, teanga, agus oiriúnaitheacha.

- Is mó seans gur thug an scoláire atá ag tabhairt faoi CFL2SS faoi Chlár Foghlama Leibhéal 2 ag leibhéal na sraithe sóisearaí.

(Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, Ráiteas Cláir, CNCM, 2024)

Sruthanna Roghnacha na Sraithe Sinsearaí

Ullmhúchán don saol tar éis na scoile	Scileanna TF	Cócaireacht	Ceol	Drámaíocht
Na hAmharc-ealaíona	Litríocht	Corp oideachas	Aire a thabhairt do mo thimpeallacht	Dearadh don mhaireachtáil inbhuanaithe
	Sainspéis	An t-am atá thart i m'áit	Mo Shaol, M'Airgeadas	

Cruinniú na Rannóg Ábhair



Am na Rannóg Ábhair

Sna rannóga ábhair:

1. Roinn ar a chéile an méid a d'fhoghlaim sibh ón gceardlann inniu
2. Roghnaigh réimse fócais
3. Déan plé ar an réimse fócais seo
4. Smaoinigh ar na gníomhartha go bhféadfaí a chur i bhfeidhm chun an réimse fócais a fhorbairt (SICRU)
5. Roinn réimse fócais agus gníomh amháin ar an ngrúpa mór

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cad a d'fhoghlaim mé / d'fhoghlaimíomar?

- Cuspóir agus Fís – Prionsabail Threoracha
- Na Príomhghnéithe
- Athmhachnamh ar an tSraith Shóisearach
- Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach
- An Idirbhliain
- Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 & Leibhéal 2

Cén tionchar? Mar sin cén tionchar a bheidh aige ar mo chleachtas/ ár gcleachtas?

- Cleachtais don mhúineadh, don fhoghlaim agus don mheasúnú
- Sonraíochtaí nua
- Iniúchadh a dhéanamh ar an Idirbhliain
- Ráiteas Cláir L1&L2

Anois cad is féidir liom/linn a dhéanamh le bogadh ar aghaidh leis an méid atá foghlamtha inniu?

- Pleanáil don todhchaí
- Machnamh ar do chleachtas
- Ullmhú don Athfhorbairt
- Tionchar ar mhúineadh, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú
- Iniúchadh a dhéanamh ar chlár

SICRU: **S**onrach, **I**ntomhaiste, **C**omhaontaithe, **R**éalaíoch agus **U**ainithe

Liosta Tagairtí:

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). (2020), *Education in Ireland: An OECD Assessment of the Senior Cycle Review*, Implementing Education Policies, OECD Publishing, Páras. Ar fáil ag: https://doi.org/10.1787/636bc6c1-en

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2015). *Creat don tSraith Shóisearach 2015*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/24478/226d8c1a8c6d47f1821a66dc81c71a08.pdf#page=null

Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2019) *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin.* NCCA. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4026/senior-cycle-review-consultation-document-july-2019_gle.pdf

Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2019). *Senior Cycle Review: Public Consultation, September* 2019. Ar fáil ag: https://www.ncca.ie/media/4046/sc3_bulletin_english_919_web.pdf

Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta*. An Roinn Oideachais. https://curriculumonline.ie/getmedia/6598a2b8-0577-49a5-92ba-2508368d2fc8/2023-Primary-Framework-GA-screen-(1).pdf

Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. https://curriculumonline.ie/getmedia/5631de55-72e2-4bf4-b1b2-14db1aadd782/Aistear-Principles-and-Themes_GA.pdf

O'Donnell, S. (2018). *Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions: Overview Report for the NCCA*. Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA). Eanáir 2018. Ar fáil ag: https://ncca.ie/en/resources/upper-secondary-education-in-nine-jurisdictions-overview-report/

Smyth, E., McCoy, S. agus Banks, J. (2019) *Student, Teacher and Parent Perspectives on Senior Cycle Education*. Research Series Number 94. Baile Átha Cliath: An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta; Cearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson, BÁC 22. Ar fáil ag: https://doi.org/10.26504/rs94.pdf